

Aimsíonn staidéar othar seachtrach nua-fhoilsithe go bhfuil comhgléas Sinc, Hydroxychloroquine agus Azithromycin bainteach le níos lú cur san ospidéal agus báis in othair Covid-19.

## **Tuairiscíonn an staidéar ráta báis an-íseal de 0.71% in othair le cásanna dearfacha daingnithe Covid-19.**

Nua-Eabhrac, NY, 02 Iúil, 2020 - D'Fhógair Dochtúir Vladimir Zelenko, lia cúram príomhúil atá bunaithe i Nua-Eabhrac go bhfuil saidéar siarghabhálach a dhéanann anailís ar shonraí a chuid othar le fáil ar líne ar [www.thezelenkoprotocol.com](http://www.thezelenkoprotocol.com). D'aimsigh an staidéar, atá curtha faoi bhráid le haghaidh piarmheasúnaithe, go raibh de thoradh ar idirghabháil luath agus othair Covid-19 atá riosca-shrathaithe ná cúig huair níos lú cur san ospidéal agus báis. Is é a bhí i gceist leis an gcóir leighis ná sinc, hydroxychloroquine (dáileog íseal) agus azithromycin.

Bhain formhór na staidéir Covid-19 roimh ré le hothair a bhí i ndrochshláinte dáiríre i suíomh ospidéil agus othair in aonad dianchúraim le aeráil mheicniúil.

Go contrártha, scrúdaíonn an staidéar seo torthaí a bhaineann le hidirghabháil luath na n-othar tar éis a gcéad cuairt chuig oifig an dochtúra. Le húsáid critéir simplí srathú-riosca, rinne Zelenko sainaithe ar na hothair a éiligh oidis don teiripe-dhruga triarach agus d'oideasaigh sé é ar feadh cúig lá.

Taispeánann na príomh-thorthaí nach raibh ach 2.4% (4/141) de na 141 othar a bhí cóireáilte curtha san ospidéal i gcomparáid le 15.4% de ghrúpa rialúcháin a bhí neamh-chóireáilte (58/377) (cóimheas corrlach 0.16, 95% CI 0.06-0.5;  $p < 0.001$ ). Ní bhfuair ach 0.71% (1/141) de na hothair bás sa ghrúpa a bhí cóireáilte in aghaidh 3.5% (13/377) sa ghrúpa a bhí neamh-chóireáilte (cóimheas corrlach 0.2, 95% CI 0.03-1.5;  $p = 0.16$ ).

Chun an anailís agus an staidéar siarghabhálach seo a chur i láthair, chomhoibrigh Zelenko leis an Dochtúir Roland Derwand, dochtúir leighis Gearmánach agus saineolaí i dtionscail eolaíocht saoil maraon leis an Ollamh Martin Scholz, comhairleoir neamhspleách agus Ollamh Taca do Leigheas Turgnamhach in Ollscoil Heinrich Heine, Düsseldorf, An Ghearmáin. Ba iad Derwand agus Scholz a rinne tagairt don Phrótacal Zelenko don chéad uair i bpáipéar eolaíoch lena bpáipéar hipitéise a bhí foilsithe le déanaí mar gheall ar an tábhacht a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le meascán idir sinc, hydroxychloroquine (dáileog íseal) mar mhodh le Covid-19 a chóireáil. Chomh maith leis sin, ba iad Derwand agus Scholz a rinne anailís ar an sonraíocht agus a threoraigh scríobhneoireacht an staidéir fad is a láimhseáil Zelenko an cóir-leighis pearsanta.

"Is é an rud a dhéanann idirdhealú idir an staidéar seo agus na staidéir eile ná go raibh diagnóis luath déanta in sna hothair le Covid-19 i gclinic othar seachtrach agus go raibh siad cóireáilte go luath", a dúirt Derwand. "Faraor, dealraíonn sé go bhfuil eolas leighis comónta dearmadta againn - go bhfuil sé riachtanach cóireáil le hothair le galar tógalach chomh luath

agus is féidir. Chóireáil Zelenko a chuid othar a bhí riosca-shrathaithe láithreach bonn le na trí druga chun éifeachtúlacht leordhóthanach a chinntiú agus níor fhan sé chun go bhforbródh an galar níos mó”.

“Tá sé mí-ámharach go bhfuil cuid mhór den tuairisciú ar na meáin, maidir le hydroxychloroquine, diúltach’, a dúirt Zelenko. ‘Tá na trí druga seo inacmhainne, ar fáil i bhfoirm piollaire agus feidhmíonn siad i sineirge in aghaidh Covid-19. Feidhmíonn an réim seo agus tarlaíonn sé gurb é seo an t-aon cóireáil réamh-ospidéal a thaispeánann dóchas”.

Dúirt Zelenko freisin gurb “í príomh-fheidhm Hydroxychloroquine ná cead a thabhairt don sinc dul isteach sa chill agus gurb í sinc scriostóir an víris”. “Cuireann azithromycin cosc ar ghalar baictéarach tánaisteach in sna scámhóga agus laghdaíonn sé an baol atá ag baint le haimhréidheanna scámhógacha. Mar sin, is í sinc an t-urchar, is é hydroxychloroquine an gunna agus is é azithromycin an veist chosanta”.

“Is é seo an chéad staidéar le hothair sheachtracha Covid-19 a thaispeánann conas is féidir le srathú-riosca, atá éasca le cur i gcrích, cead a thabhairt cinntí a bhaineann le cóireáil mhear a dhéanamh tamall beag tar éis teacht na siomptóm”, a dúirt an t-Ollamh Scholz. “Is é toradh an teiripe cúig lá seo, atá glactha go maith, ná ráta i bhfad níos lú de dhaoine san ospidéal agus níos lú báis agus gan trácht ar bith ar aon fho-iarmhairtí cairdeacha i gcomparáid le sonraíocht thagartha phoiblí atá ábhartha agus a bhaineann le hothair neamh-chóireáilte. Is féidir le méadaíocht na dtorthaí seo ábharthacht úsáid luath hydroxychloroquine (dáileog íseal) a ardú go mór - go háirithe i meascán le sinc. Is féidir úsáid a bhaint as an sonraíocht seo chun faisnéis a thabhairt faoi pholasaithe a bhaineann le freagairt phaindéimeach leanúnach chomh maith le trialacha cliniúla sa todhchaí”.

### **Eolas Faoi Dr. Roland Derwand**

Bunaithe i Munich, is dochtúir leighis agus saineolaí i dtionscail eolaíocht saoil é Derwand le beagnach fiche bliain taithí oibre aige. Faoi láthair, is ceannaire é sa Rannóg um Ghnóthaí Leighis i gcomhlacht Bith-Theicneolaíochta Meiriceánach sa Ghearmáin. Rinne sé a chuid gníomhaíochta agus rannpháirtíochta sa staidéar seo mar rud príomháideach agus neamhspléach. Roimhe seo, bhí poist éagsúla aige i dtionscail na cógasáíochta agus na bith-theicneolaíochta le dualgaisí náisiúnta, Eorpacha agus domhanda. Tá M.D. bainte amach aige ó Ollscoil Johannes Gutenberg, i Mainz sa Ghearmáin agus MBA bainte amach aige ón PFH, Ollscoil Phríomháideach na hEolaíochtaí Feidhmeacha in Göttingen, sa Ghearmáin agus rinne sé an Dochtúireacht sa Fhiseolaíocht Chardashoithíoch.

### **Eolas Faoi Dr. Martin Scholz**

Tá céim Dhochtúireachta (Ph.D.) bainte amach ag Scholz ó Ollscoil Johann Wolfgang Goethe, Frankfurt am Main, An Ghearmáin, agus is Ollamh Taca é do Leigheas Turgnamhach in Ollscoil Heinrich Heine, Düsseldorf, An Ghearmáin. Oibríonn sé freisin mar stiúrthóir

bainistíochta sa chomhlacht comhairleach “Starts-and-Ups”. Roimhe seo, d’oibrigh sé mar Phríomh-chomhairleoir Eolaíochta ar bhord feidhmiúcháin LEUKOCARE AG, comhlacht bith-theicneolaíochta a bhunaigh sé sa bhliain 2001. Ghlac sé an gradam “Professor Honoris Causa” i nDámh na Míochaine, Marília (FAMEMA) in São Paulo, An Bhrasaíl.

### **Eolas Faoi Dr. Vladimir Zelenko**

Ghrádaigh Zelenko ón SUNY i Scoil na Míochaine, Buffalo sa bhliain 2000. Tá sé teistithe i Leigheas Clainne agus is stiúrthóir leighis é san Ionad Leighis Monsey Family.

###

Chun níos mó eolais a fháil, téigh chuig [www.thezelenkoprotoocol.com](http://www.thezelenkoprotoocol.com)

Le haghaidh iarratais meán cumarsáide, seol ríomhphost chuig [countermediarelations@gmail.com](mailto:countermediarelations@gmail.com)